www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Gníomhaíocht Dhaonna agus Sláinte
## Modúl 2

## Ardsraith

**[GSC22]**

GSC22

**DÉ hAOINE 20 BEALTAINE 2011, MAIDIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| **Marc Iomlán** | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** **(a)** Léiríonn an tsreabhchairt seo thíos cad é mar a bhí líon na bpáistí a bhí á vacsaíniú in éadan MMR ag athrú idir 1990 agus an lá atá inniu ann.

Vacsaíníodh 90% de pháistí in 1990

↓

In 1998, thug taighde áirithe le tuiscint go raibh nasc idir vacsaíniú MMR agus uathachas


↓

Mar gheall air seo, ní raibh ach 50% de pháistí á vacsaíniú faoi 2000

↓

Faoi 2005, bhí 90% de pháistí á vacsaíniú arís.

**(i)** Agus an fhaisnéis thuas in úsáid, comhlánaigh an graf seo thíos leis an athrú ar chéatadán na bpáistí a bhí á vacsaíniú a thaispeáint.




[2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Mínigh cad chuige a bhfuil an céatadán de pháistí atá á vacsaíniú in éadan MMR anois ar ais ag leibhéal 1990.

______________________________ [1]

**(b)** Mínigh cad é mar a chuidíonn na rudaí thíos le daoine a chosaint ar mhiocróib dhochracha.

Scannáin mhúcasacha i gcuas na sróine ______________________________

______________________________ [1]

Fuiltéachtadh ______________________________

______________________________ [1]

**(c)** Mínigh cad é mar a chosnaíonn antasubstaintí daoine ar ghalair.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** Bhí tráth ann nuair a bhí planda an tsabhaircín an-choitianta i dTuaisceart Éireann; tá bláthanna deasa air agus ba ghnách le daoine cuid mhór acu a bhaint. Is fearr a fhásann sé i dtalamh nádúrtha féaraigh gan leasú, áit nach mbíonn sé faoi scáth plandaí eile.



*© CCEA*

Tháinig laghdú ar líon an tsabhaircín ar chúiseanna éagsúla. Orthu seo tá leasachán a úsáid le níos mó féir a fhás d'eallach.

**(i)** Mínigh ina iomláine cad é mar a laghdófaí ar shabhaircíní mar gheall ar leasacháin a bheith in úsáid go forleathan.

______________________________________________________________

____________________________________________________________ [2]

**(ii)** Seachas laghdú ar an leasachán atá in úsáid ar thalamh féaraigh, **luaigh dhá** rud is féidir a dhéanamh leis na sabhaircíní a chosaint ar dhíothú.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

____________________________________________________________ [2]

**(b)** Ainmnigh speiceas **amháin** eile atá i mbaol agus luaigh fáth amháin a bhfuil sé i mbaol díothaithe.

______________________________________________________________

____________________________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** Is féidir monatóireacht a dhéanamh ar an timpeallacht trí líon na léicean atá ag fás ar chrainn a chuntas.



*© Wildscape/Alamy*

Is sampla de thoisc bhitheach é an léicean.

**(a)** Cad é an chiall atá le toisc bhitheach?

______________________________________________ [1]

**(b)** D'fhiosraigh Eoin líon na bplandaí léicin ar chrainn fuinseoige a bhí faid dhifriúla ar shiúl ó dhá bhaile (Dún Duilleogach agus Éadan an Ghuail).
Níor chuntais sé ach na léicin suas go dtí 2 mhéadar ón talamh agus níor chuntais sé ach 5 chrann i ngach áit.

Tá a chuid torthaí sa tábla thíos.

| | **Meánlíon na léicean ar gach crann** | |
|---|---|---|
| **Fad ó lár an bhaile/km** | **Dún Duilleogach** | **Éadan an Ghuail** |
| 0 | 8 | 0 |
| 5 | 7 | 2 |
| 10 | 9 | 3 |
| 15 | 8 | 4 |
| 20 | 9 | 5 |

Ní fhásann léicin i gceantair iontach tionsclaíoch (truaillithe) agus is fearr a fhásann siad nuair atá na leibhéil thruaillithe íseal.

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Cuir síos ar na torthaí d'Éadan an Ghuail agus tabhair míniú orthu.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Cuir síos ar na torthaí do Dhún Duilleogach agus tabhair míniú orthu.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(iii)** Luaigh dhá rud a thiocfadh le hEoin a dhéanamh le torthaí níos iontaofa a fháil.


1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** **(a)** Léiríonn an graf seo cad é mar a bhí daonra an domhain ag ardú le 200 bliain anuas.




Tá formhór na rialtas ag éirí buartha faoin choimhlint a d'fhéadfadh a bheith ann idir an daonra a bheith ag ardú agus an dochar a dhéanfaí don phláinéad.

**(i)** Luaigh dhá dhóigh a ndéantar dochar don phláinéad mar gheall ar an daonra a bheith ag ardú.

1. ______________________________ [1]

2. ______________________________ [1]

Tá cuid mhór rialtas ag iarraidh laghdú ar an ráta faoina bhfuil an daonra ag ardú; ach is cosúil nach bhfuil ag éirí leo.

**(ii)** An méadú seo ar an daonra, luaigh fáth **amháin** a bhfuil sé iontach deacair é a mhoilliú.

______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**(b)** Fágann na daonraí níos mó seo go bhfuil strus mór ar rialtais le go leor bia a tháirgeadh dá bpobal. Agus cruithneacht mar shampla agat, mínigh cad chuige a dtáirgtear níos mó bia mar gheall ar roghnú saorga.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** **(a)** Bhí an nós ann uair amháin go dtabharfaí antaibheathaigh go rialta d'ainmhithe a ndearnadh dianfheirmeoireacht orthu cé nach raibh siad tinn.

**(i)** Luaigh an dóigh a dtéann sé seo chun tairbhe don fheirmeoir.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** I gcás mhórchuid na dtíortha san Eoraip, níl sé ceadaithe antaibheathaigh a thabhairt do bheostoc nach bhfuil tinn. Seachas an nós seo a bheith mí-eiticiúil, is féidir go n-éireoidh baictéir frithsheasmhach in éadan antaibheathach mar gheall air.

Mínigh cad é mar a éiríonn baictéir frithsheasmhach in éadan antaibheathach.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(b)** Baictéir atá frithsheasmhach in éadan antaibheathach, is dócha go mbeidh siadsan go háirithe ina gcúis le heipidéimí agus le paindéimí. Luaigh fáth **amháin** le cad chuige.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Bíonn roinnt céimeanna i gceist maidir le cógais agus drugaí a fhorbairt.
Orthu seo tá:

**tástáil chliniciúil : tástáil in vitro : ceadúnú : tástáil ar ainmhithe**

**(i)** Cuir na céimeanna san ord ceart.

_______________________

_______________________

_______________________

_______________________ [1]

**(ii)** Seachas cúrsaí eiticiúla, luaigh argóint **amháin** ar son agus argóint **amháin** in éadan drugaí nua a thástáil ar ainmhithe.

Ar son ___________________________________________

___________________________________________ [1]


In éadan ___________________________________________

___________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** **(a)** Léiríonn an graf thíos cad é mar atá na leibhéil dé-ocsaíd charbóin san atmaisféar ag ardú.




**(i)** An **ráta** faoina bhfuil dé-ocsaíd carbóin ag bailiú san atmaisféar, luaigh fáth **amháin** a bhfuil se ag ardú.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Léiríonn an graf go raibh athruithe séasúracha ann sna leibhéil dé-ocsaíd charbóin sa tréimhse 2000-2002. Tabhair míniú air seo.

_______________________________________________

_______________________________________________


_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Cruthaítear 'brat ceaptha teasa' mar gheall ar an dé-ocsaíd charbóin a bheith ag bailiú san atmaisféar. Ceapann an brat seo radaíocht teasa ón Ghrian agus is é seo is cúis le téamh domhanda.

**(i)** Comhlánaigh an léaráid seo thíos lena thaispeáint cad é mar a cheaptar radaíocht teasa ón Ghrian taobh istigh d'atmaisféar an Domhain.




[1]

**(ii)** Is é a bhí i gceist le comhaontú Kióthó ná rialtais a bheith ag iarraidh téamh domhanda a laghdú.

Bhí iarrachtaí eile ann ar na mallaibh comhaontú eile a chur in áit chomhaontú Kióthó. Mínigh ina iomláine cad chuige.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(c)** Deir an chuid is mó d'eolaithe go bhfuil téamh domhanda ag déanamh dochair don bhithéagsúlacht ar an Domhan.

**(i)** Mínigh an chiall atá leis an téarma bithéagsúlacht.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Mínigh ina iomláine cad é mar a laghdófaí ar bhithéagsúlacht mar gheall ar théamh domhanda.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Tiontaíonn úinéirí talaimh áirithe cuid den talamh talmhaíochta acu ina choillearnach leis an timpeallacht a chaomhnú. Déan cur síos agus tabhair míniú ar dhóigh **amháin** a dtéann sé seo chun tairbhe don timpeallacht.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

____________________________________________________________ [2]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.